



Bonneagar Acmhainní na dTeangacha Eorpacha (BATE) – Téarmaí Seirbhíse

Is iad seo na Téarmaí Úsáide agus Soláthair de chuid na Seirbhísí BATE le haghaidh gach Úsáideoir cláraithe de Stáisiún Athsheachadáin Náisiúnta BATE in Éirinn. Le linn duit Seirbhísí BATE a úsáid, comhaontaíonn tú leis na Téarmaí seo. Léigh na téarmaí seo go cáiréiseach, le do thoil, mar beidh Tú faoi cheangal acu.

Léiriú

- a) Ciallaíonn **“Úsáideoir”** nó **“Tú”** duine aonair nó eintiteas a fheidhmíonn cearta nó a thugann faoi oibleagáidí dlíthiúla faoin gComhaontú Seirbhíse seo agus nár sháraigh na Téarmaí Seirbhíse seo roimhe seo nó a bhfuil cead sainráite faighte aige nó aici ón Soláthraí Seirbhíse d’ainneoin sárú roimhe seo. Faightear NÓ fuarthas mionsonraí an Úsáideora chláraithe trí chlárú le Seirbhísí BATE
- b) Ciallaíonn **“BATE”**: gach eagraíocht a bhfuil ina chuid de chuibhreannas BATE.
- c) Ciallaíonn **“Soláthraí Seirbhíse”**: Stáisiún Athsheachadáin Náisiúnta BATE in Éirinn, a bhfuil arna óstáil ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar chomhalta de chuid BATE.
- d) **“Seirbhísí BATE”**: Is iad seo na seirbhísí a thairgeann BATE, lena n-áirítear:
 - Clárú, fíordheimhniú agus údarú an Úsáideora,
 - Cartlannú (stóráil agus cothabháil ar mhaithe le cuspóirí caomhnaithe) ar acmhainní teanga
 - Doiciméadú (le meiteashonraí) ar acmhainní teanga
 - Cuardach, brabhsáil, agus féachaint ar mheiteashonraí acmhainne
 - Uaslódáil agus íoslódáil acmhainní teanga
 - Próiseáil uathoibríoch agus láimhe ar acmhainní uaslódáilte teanga
- e) Ciallaíonn **“Seirbhís Clárúcháin BATE”**: an tseirbhís trína bhfaigheann an Soláthraí Seirbhíse d’ainm agus do mhionsonraí teagmhála.
- f) Ciallaíonn **“Taisceoir”**: aon duine aonair nó eagraíocht a thaisceann ábhar trí Sheirbhísí BATE.
- g) Is le haghaidh críocha tagartha amháin na ceannteidil atá sa Chomhaontú Téarmaí Seirbhíse seo agus ní mheasfar iad a bheith ina léiriú ar chiall an chlásail lena mbaineann siad.



h) Mar a n-éilíonn an chomhthéacs amhlaidh, go ndéanfar focail lena ngabhann brí na huimhreach uatha a fhorléiriú mar fhocail lena ngabhann brí na huimhreach iolra agus *vice versa* agus go ndéanfar focail lena ngabhann brí na firinscne a fhorléiriú mar fhocail lena ngabhann brí na baininscne agus *vice versa*.

Modhnuithe

Féadfaidh an Soláthraí Seirbhíse na Téarmaí seo a athrú aon tráth trí athruithe a phostáil ar líne. Déan athbhreithniú ar na Téarmaí seo, le do thoil, go rialta lena chinntiú go bhfuil Tú ar an eolas faoi aon athruithe a rinneadh. Ciallaíonn úsáid leanúnach Seirbhísí BATE agat tar éis athruithe a bheith postáilte go gcomhaontaíonn Tú a bheith faoi cheangal go dlíthiúil ag na téarmaí seo mar a nuashonraíodh agus/nó a leasaíodh iad. Comhaontaíonn an Soláthraí Seirbhíse aon athrú den sórt sin a chur in iúl Duit le ríomhphost nó trí Sheirbhísí BATE nó trí aon slí chuí éigin eile.

Má chuirtear aon sheirbhísí breise le Seirbhísí BATE, féadfaidh téarmaí breise a chur chun feidhme a mbeidh ina chuid den chomhaontú seo.

Úsáid Seirbhísí BATE

Soláthraítear rochtain agus úsáid ar Sheirbhísí BATE faoi réir na téarmaí seo a leanas, a mbeidh éifeacht acu ar rochtain agus úsáid a bheith déanta Agat ar Sheirbhísí BATE. Comhaontaíonn Tú úsáid a bhaint as Seirbhísí BATE chun críocha dlíthiúla amháin agus ar shlí nach ndéantar sárú ar chearta aon duine eile nó nach gcuirtear toirmeasc ar úsáid acmhainní den sórt sin ag aon duine eile.

Más Úsáideoir Cláraithe BATE thú, dá réir tá rochtain gan teorainn agat ar gach Seirbhís de chuid BATE a thairgeann an Soláthraí Seirbhíse; le bheith cruinn faoi is iad:

- a) rochtain ar gach acmhainn teanga de réir na dtéarmaí iomchuí ceadúnaithe a ndeonaítear do gach acmhainn;
- b) rochtain ar sheirbhísí uaslódála, próiseála agus stórála maidir le cáipéisíocht acmhainní teanga;
- c) cuardach, brabhsáil agus féachaint ar fhardal BATE agus ar mheiteashonraí acmhainní teanga;
- d) íoslódáil a dhéanamh ar acmhainní teanga de réir na dtéarmaí ceadúnaithe iomchuí.

Príobháideacht

Déanann suíomh gréasáin BATE agus a chuid seirbhísí faisnéis ar leith a logáil i dtaca le gach iarratas a sheoltar chucu. Úsáidtear an fhaisnéis seo le haghaidh riarachán na gcóras agus chun staitisticí úsáide a ghiniúint. Baintear staitisticí achoimre ó na sonraí seo agus d'fhéadfaí roinnt díobh seo a chur ar fáil go poiblí, ach ní áirítear ina measc seo faisnéis a bhféadfaí daoine aonair a aithint astu. D'fhéadfaí fothacair iomchuí de na sonraí seo a úsáid mar chuid d'imscrúduithe ar mhí-úsáid ríomhaireachta lena mbaineann an suíomh seo. D'fhéadfaí sonraí a úsáid ó am go chéile freisin d'fhonn imscrúdú a chumasú ar fhadhbanna teicniúla ar an suíomh gréasáin. Murach sin ní chuirtear faisnéis logáilte ar aghaidh chuig aon tríú páirtí mura gceanglófaí le dlí é sin a dhéanamh.

Cosaint Sonraí

Ó am go chéile féadfaidh Soláthraithe Seirbhíse BATE foirmeacha leictreonacha a úsáid ar an suíomh seo chun faisnéis phearsanta a bhailiú chun críocha a bhaineann go dlúth le seirbhís, feidhm nó gníomhaíocht de chuid Seirbhísí BATE. Nuair a dhéanfaidh an Soláthraí Seirbhíse amhlaidh cuirfidh sé an cuspóir dá mbailítear an fhaisnéis (lena n-áirítear má tá an fhaisnéis a fhoilsiú) in iúl do na húsáideoirí. Is de rogha iomlán an úsáideora aon fhoirm ar an suíomh gréasáin seo a chomhlánú agus a chur isteach. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi a úsáideann Soláthraithe Seirbhíse BATE do shonraí pearsanta, féach ar an bhFógra Cosanta Sonraí ar **Fhoscríbhinn B** le do thoil.

Beartas Fianán

Úsáideann an suíomh gréasáin seo fianáin d'fhonn oibriú na seirbhíse a éascú agus taithí an úsáideora a fheabhsú. Is comhad beag téacs é fianán a shábhálann suíomh gréasáin ar do ríomhaire nó ar do ghaireas móibíleach nuair a dhéanann tú cuairt air. Cuireann sé ar chumas an tsuímh ghréasáin cuimhneamh ar do ghníomhartha agus ar do roghanna (ar nós logáil isteach, teanga agus roghanna eile taispeána) thar tréimhse ama, ionas nach gá duit iad a athchur isteach tráth a dtagann tú ar ais go dtí an suíomh nó a dhéanann tú brabhsáil ó leathanach amháin go dtí leathanach eile.

Cad iad na fianáin a úsáidtear ar an suíomh gréasáin seo?

Ní úsáideann an suíomh gréasáin seo ach fianáin fheidhmiúla, a éascaíonn nascleanúint úsáideora ar an suíomh agus a chumasaíonn úsáid roghanna nó seirbhísí éagsúla ón bhfeidhmchlár, ar nós, mar shampla, sainaitheint an tseisiúin nó srianta rochtana agus, i gcoitinne, go gcumasófar na gníomhartha sin a bhaineann le feidhmiúlacht an tsuímh ghréasáin:

Ainm	Cineál	Cuspóir	Dul in Éag
sessionid: sonraí seisiún agus fiordheimhnithe	Feidhmiúil	Chun nascleanúint úsáideora agus feidhmiúlacht an tsuímh ghréasáin a fheabhsú.	2 sheachtaine
csrftoken: slándáil réimsí foirme	Feidhmíocht	Chun an suíomh a chosaint ó ionsaithe mailíseacha agus a chinntiú go bhfuil an suíomh ag feidhmiú i gceart.	12 mhí
cookieconsent_status	Feidhmiúil	Chun admháil an úsáideora don mbeartas fianán a chlárú.	12 mhí
django_language: fianán teanga	Feidhmiúil	Chun cuimhneamh ar shainrogha teanga an úsáideora nuair a bhrabhsáilann sé/sí an suíomh	An seisiún



Le linn duit an suíomh gréasáin seo a úsáid, glacann an Úsáideoir le húsáid na faisnéise thuasluaite agus admhaíonn sé nó sí an fhéidearthacht úsáid réamhráite faisnéise agus sonraí a dhiúltú le húsáid fianán tríd an gcumraíocht brabhsálaí idirlín iomchuí a eiteach. D'fhéadfaí go gcuirfear blocáil ar úsáid fianán teorainn ar fheidhmiúlacht an tsuímh ghréasáin seo.

Cuimhnigh go bhféadfaidh Tú, aon tráth, fianáin a scriosadh nó a chumrú trí chumrú a dhéanamh ar do bhrabhsálaí idirlín. Déan cuairt, le do thoil, ar na míreanna tiomnaithe cabhrach de do bhrabhsálaí chun tuilleadh faisnéise a fháil:

[Socruithe fianán in Internet Explorer](#)

[Socruithe fianán in Firefox](#)

[Socruithe fianán in Chrome](#)

[Socruithe fianán in Safari web](#) agus [Safari le haghaidh iOS](#).

Mí-úsáid Seirbhísí BATE agus fógra maidir le sárú ar Chearta Maoine Intleachtúla

Ní cóir Duit mí-úsáid a bhaint as Seirbhísí BATE, e.g. trí chur isteach a dhéanamh orthu nó trí iarracht rochtain a fháil orthu ar shlí atá éagsúil ón gceann a mholtar i dtreoracha BATE. Ní fhéadfá Seirbhísí BATE a úsáid ach amháin mar a cheadaítear de réir dlí, lena n-áirítear dlíthe rialaithe easpórtála agus iompórtála, rialacháin agus ceadúnais a bhfuil feidhm acu maidir leo. Féadfaidh an Soláthraí Seirbhísí soláthar Seirbhísí de chuid BATE Duit a chur ar fionraí nó a stopadh mura gcomhlíonann Tú le Téarmaí nó beartais BATE nó má tá imscrúdú ar mhí-iompar amhrasta idir lámha ag an Soláthraí Seirbhíse.

Cothabhálann BATE staitisticí úsáide mar thomhas ar lucht léitheoireachta agus ar úsáid eile Seirbhísí de chuid BATE ag úsáideoirí. Is sárú ar bheartas BATE ag páirtí úsáid dhíreach nó neamhdhíreach a dhéanamh ar BATE ar mhaithe le difear a dhéanamh ar staitisticí íoslódála agus staitisticí úsáide eile, nó chun daoine eile a ghríosú déanamh amhlaidh. Mar chuid dá cheart ginearálta seirbhís a dhiúltú nó a fhoirceannadh agus ábhar a bhaint nó eagarthóireacht a dhéanamh ar Sheirbhísí BATE, forchoimeádan BATE dá rogha féin rochtain a theorannú, ábhar a bhaint agus staitisticí úsáide a choigeartú mar fhreagairt ar aon ghníomhaíocht ar dealraitheach í go mbeidh éifeacht den sórt sin aici.

Sa chás go n-aithníonn Tú acmhainní teanga a dhéanann sárú ar Do Chearta Maoine Intleachtúla, féadfaidh Tú an Fógra BATE agus an nós imeachta Bainte Anuas a leanúint a fhaightear i **bhFoscscríbhinn A**.

Clásail Séanta agus Dliteanas a Theorannú

Soláthraítear Seirbhísí BATE, ábhar agus meiteashonraí "MAR ATÁ SIAD" agus ar bhonn "MAR ATÁ SIAD AR FÁIL" gan aon uirill nó aon chineál baránta a bheith déanta (cibé acu sainráite nó intuigthe le dlí) a mhéid ar fad is féidir a cheadú le dlí, lena n-áirítear na baránta intuigthe maidir le cáilíocht shásúil, oiriúnacht d'fheidhm áirithe, neamh-shárú ar chearta tríú páirtí, comhoiriúnacht, slándáil agus cruinneas. **Dírítear aird Úsáideoirí go sonrach ar an gclásal seo.**

Ní bheidh BATE faoi dhliteanas in imthosca ar bith maidir leis na cailiteanais nó an damáiste seo a leanas (cibé acu go rabhtas ag súil le cailiteanais den sórt sin, go raibh siad intuatha, ar eolas nó ar shlí eile): (a) cailiteanas sonraí; (b) cailiteanas deise; (c) cailiteanas cáilmheasa nó díobháil do chlú; (d) cailiteanais a d'fhulaing tríú páirtí; nó (e)



aon damáistí díreacha, neamhdhíreacha, iarmhartacha, speisialta nó eiseamláireacha a éiríonn as úsáid Seirbhíse BATE is cuma maidir le foirm an chaingne.

Ní dhlíonn BATE go mbeidh na feidhmeanna atá i Seirbhíse BATE gan bhriseadh nó saor ó earráid, go ndéanfar éalanga a cheartú, nó go mbeidh bunachair BATE nó an mheicníocht a chuireann ar fáil iad saor ó víris agus ó fhabhtanna.

Foirceannadh

Cuirfear deireadh leis na cearta a dheonaítear anseo thíos go huathoibríoch ar aon sárú a bheith déanta Agat ar na Téarmaí Seirbhíse. Faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha thuas, beidh bailíocht ag gabháil leis an gcomhaontú seo a mhéid go mbeidh Seirbhíse BATE ar marthain agus beidh lánfheidhm agus lánéifeacht ag an gcomhaontú seo mura gcuirfí deireadh leis mar atá luaite thuas.

Acmhainní Teanga a Chomhroinnt

Le linn duit Seirbhíse BATE a úsáid chun uaslódáil agus comhroinnt a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó Acmhainní Teanga déanann tú uiríoll agus dlíonn tú leis seo:

- go bhfuil údarás agus/nó cead iomlán agat an Acmhainn a thaisceadh agus go bhfuil an Acmhainn curtha síos go cuí agat;
- go bhfuil an teideal nó ceadúnas dlíthiúil riachtanach agat san Acmhainn nó go gceadaítear duit taisceadh na hAcmhainne a dhéanamh;
- nach ndéanfar taisceadh na hAcmhainne sárú nó nach measfar gur sárú é ar aon oibleagáid nó cheart tríú páirtí, lena n-áirítear aon chóipcheart tríú páirtí nó cheart maoinne intleachtúla eile;
- nach ndéanfar taisceadh na hAcmhainne sárú ar aon dlí nó rialachán is infheidhme;
- gur bhain tú úsáid as scil agus cúram réasúnach lena chinntiú nach bhfuil aon ráitis neamhfhirinneacha d'fhíricí dlíthiúla nó ábhartha nó earráidí nó neamhghníomhartha eile san fhaisnéis a sholáthraíonn tú le linn phróiseas a taiscthe.

Foscríbhinn A.

Fógra agus beartas Bainte Anuas

Má tá imní ag sealbhóir cearta go bhfuil sé/sí tar éis teacht ar Acmhainní Teanga (AT) ar Stáisiún Athsheachadáin Náisiúnta BATE in Éirinn, ar ina leith nár thug sé nó sí cead, nár dheonaigh sé/sí ceadúnas nó nár clúdaíodh na hacmhainní seo ag teorainn nó eisceacht sa dlí náisiúnta, iarrtar ar shealbhóir cearta den sórt sin teagmháil a dhéanamh leis an Soláthraí Seirbhíse ag elri@dcu.ie i scríbhinn, ina luafar an méid seo a leanas:

1. A shonraí/A sonraí teagmhála;
2. Sonraí bibleagrafacha iomlána na hAcmhainne Teanga;
3. An t-aitheantóir aonfhoirmeach acmhainne (URL) beacht agus iomlán ar a d'aimsigh sé/sí an Acmhainn Teanga;
4. Cruthúnas gurb é/í an sealbhóir cearta agus ráiteas, faoi phionós mionnaithe éithigh, gurb é/í an sealbhóir cearta nó ionadaí údaraithe.



Ar an bhfógra a bheith faighte, déanfar an nós imeachta ‘Fógra agus Baint Anuas’ a agairt mar a leanas:

1. Déanfaidh an Soláthraí Seirbhíse fáil an ghearáin a admháil le ríomhphost nó litir agus déanfaidh an Soláthraí Seirbhíse measúnú tosaigh ar a bhailíocht agus ar a inchreidteacht
2. Ar ghearán bailí a fháil, bainfear an Acmhainn Teanga anuas go sealadach ó Sheirbhísí BATE go dtí go dtiocfar ar réiteach comhaontaithe.
3. Déanfaidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil leis an duine aonair nó leis an eagraíocht a thaisc an t-ábhar laistigh de dheich lá oibre tar éis an gearán bailí a bheith faighte. Tabharfar fógra don Taisceoir go bhfuil an t-ábhar faoi réir gearáin, na líomhaintí faoina bhfuil sé déanta, agus déanfar an Taisceoir a ghríosú na gearáin lena mbaineann a mhaolú.
4. Déanfar an gearánaí agus an Taisceoir a ghríosú an tsaincheist a réiteach go sciobtha agus go cairdiúil agus chun sástacht an dá pháirtí, a bhféadfaí na torthaí indéanta seo a leanas a bheith leis:
 - a) Go ndéanfar an Acmhainn Teanga a chur ar ais ar fhardal Seirbhísí BATE gan athrú.
 - b) Go ndéanfar an Acmhainn Teanga a chur ar ais ar fhardal Seirbhísí BATE le hathruithe.
 - c) Go ndéanfar an Acmhainn Teanga a bhaint ó fhardal Seirbhísí BATE go buan.
5. Mura bhfuil an Taisceoir agus an gearánaí in ann teacht ar réiteach, fanfaidh an Acmhainn Teanga gan fáil a bheith uirthi trí fhardal Seirbhísí BATE go dtí tráth a dtiocfaí ar réiteach.



Foscúirbhinn B.

Fógra Cosanta Sonraí

Le linn duit ábhar a chur isteach ar Sheirbhísí BATE agus an céanna a úsáid, comhaontaíonn Tú go bhféadfaidh BATE aon sonraí pearsanta a úsáid ar Leat iad a sholáthraíonn Tú trí ábhar a thabhairt nó trí fhoirmeacha leictreonacha a chomhlánú. Tá meas iomlán ag BATE ar Do phríobháideacht agus iarann sé Do shonraí pearsanta a chosaint:

- Ní dhéanfaidh BATE D'fhaisnéis a bhailiú agus a úsáid ach amháin chun a chuid seirbhísí a riaradh, a thacú, a fheabhsú agus d'fhonn aiseolas a fháil orthu.
- Féadfaidh BATE teagmháil a dhéanamh Ort freisin d'fhonn aiseolas a fháil ar sheirbhísí agus ar aon fheabhsuithe a d'fhéadfadh sé a dhéanamh
- Ní nochtfaidh BATE Do shonraí pearsanta d'aon eagraíocht eile.
- Féadfaidh Tú rochtain a fháil agus do shonraí pearsanta a mhodhnú tríd an tSeirbhís Clárúcháin.